An fógra seo ar láithreán gréasáin TED: https://ted.europa.eu/udl?uri=TED:NOTICE:308003-2013:TEXT:GA:HTML

Bheilg, an-An Bhruiséil: Glao ar léirithe spéise EACEA/2013/01 le haghaidh liosta saineolaithe a bhunú chun cuidiú leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir maidir le cláir an Aontais Eorpaigh a bhainistiú
2013/S 179-308003

Fógra maidir le glao ar léirithe spéise

Glao ar léirithe spéise EACEA/2013/01 le haghaidh liosta saineolaithe a bhunú chun cuidiú leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir maidir le cláir an Aontais Eorpaigh a bhainistiú sna réimsí a leanas - oideachas, closamharc, cultúr, óige, spórt, saorálaithe cúnaimh AE, agus saoránacht nó cláir ar bith eile arna dtarmligean don Ghníomhaireacht

1. **Réamhrá:**
Chuir an Coimisiún Eorpach (a chuirfear 'an Coimisiún' air ina dhiaidh seo) an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA — a chuirfear 'an Ghníomhaireacht' air ina dhiaidh seo) ar bun le haghaidh gníomhartha an Aontais Eorpaigh a bhainistiú sna réimsí oideachais, closamhairc agus cultúir (agus Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle (Iris Oifigiúil L 11 an 16.1.2003) á fheidhmiú). Is é a misean roinnt sraithe agus gníomhartha cláir arna maoiniú ag an Aontas Eorpach a chur chun feidhme, faoi rialú an Choimisiúin, sna réimsí a leanas; oideachas agus oiliúint, saoránacht, óige, spórt, saorálaithe cúnaimh AE, closamharc agus cultúr mar aon leis an líonra faisnéise maidir le hoideachas san Eoraip, Eurydice, nó cláir ar bith eile arna dtarmligean don Ghníomhaireacht.
Tá na príomhghnéithe bainistíochta maidir leis na sraithe cláir a bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach astu curtha faoina cúram, lena n-áirítear glaonna ar thograí a dhréachtú, tionscadail a roghnú agus comhaontuithe deontais a shíniú, bainistiú airgeadais, monatóireacht ar thionscadail, teagmhálacha le tairbhithe agus seiceálacha ar an láthair.
Ligeann an Ghníomhaireacht seirbhísí ar conradh, trí ghlaonna poiblí ar thairiscintí, maidir le hábhair atá ábhartha do na cláir arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht.
Tá a féiniúlacht dlí féin ag an nGníomhaireacht atá lonnaithe sa Bhruiséil.

2. **Údarás conarthachta:**
An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir, avenue du Bourget 1, 1140an Bhruiséil, AN BHEILG. Ríomhphost: eacea-info@ec.europa.eu
Is féidir rochtain a fháil ar an mbunús dlí le haghaidh na gclár agus na faisnéise a bhaineann lena gcur chun feidhme ar an láithreán Gréasáin seo a leanas:
http://eacea.ec.europa.eu
Tá an glao seo ar léirithe spéise á bhainistiú ag an nGníomhaireacht. D'fhéadfadh go mbeidh sé ar na saineolaithe a roghnófar laistigh de chreatlach an ghlao seo cúnamh a thabhairt do mháthair-Ard-Stiúrthóireachtaí na Gníomhaireachta (is ionann na máthair-Ard-Stiúrthóireachtaí tráth fhoilsiú an ghlao seo agus AS an Oideachais agus an Chultúir; AS na Cumarsáide, agus an AS um Fhorbraíocht agus um Chomhar — EuropeAid) i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí (comhordú ginearálta beartas agus clár, cumarsáid, bainistiú sraithe nach bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach astu), agus do sheirbhísí eile an Choimisiúin agus d'institiúidí eile AE.

3. **Nós imeachta clárúcháin:**
Is é cuspóir an ghlao seo ar léirithe spéise liosta de shaineolaithe seachtracha a bhunú.

Ba cheart léirithe spéise a chur isteach i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh trí úsáid na foirme ar líne atá ar fáil trí láithreán Gréasáin na Gníomhaireachta:
http://eacea.ec.europa.eu
Iarrtar ar iarratasóirí a n-iarratas a chur isteach de réir na dtreoirlínte arna gcur ar fáil ar láithreán Gréasáin na Gníomhaireachta atá léirithe thuas.
I dteannta lena bhfoirm iarratais, ní mór d'iarrthóirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil na scileanna riachtanacha acu mar aon leis an taithí ghairmiúil a bhaineann le cuspóirí an chláir/na gclár a bhfuil iarratas á chur isteach acu ina leith, de réir mar atá sainithe a thuilleadh thíos i bpointe 11.
Ní bheidh oibleagáid ar bith ar an údarás conarthachta maidir le socrú conarthaí de bharr iniamh ar an liosta.

4. **Faisnéis agus doiciméid le cur ar fáil:**
Ba cheart do pháirtithe leasmhara a sonraí teagmhála iomlána a chur ar fáil ina léiriú spéise chomh maith leis na réimsí sainiúla atá léirithe ag pointe 7 a bhfuil spéis acu iontu a liostú.
Tá an fhianaise tacaíochta ar gá í a chur ar fáil chun na critéir roghnúcháin a mheasúnú léirithe i bpointe 11.

5. **Cur síos ginearálta ar an nós imeachta:**
Tugtar cuireadh do dhaoine nádúrtha léiriú spéise a chur isteach de réir na rialacha atá leagtha amach san fhógra seo.
Dréachtóidh an t-údarás conarthachta liosta iarrthóirí a shásaíonn na critéir atá leagtha amach i bpointe 11 thíos.
Sa chás go ndéanfaidh saineolaí seachtrach tasc áirithe a bhaineann leis na réimsí a bhfuil cur síos air i bpointe 7 a fheidhmiú, sannfaidh an t-údarás conarthachta saineolaithe don tasc ar bhonn na scileanna, na taithí agus an eolais atá riachtanach agus de réir na bprionsabal seo a leanas: neamh-idirdhealú, caitheamh cothrom agus easpa coinbhleachta leasa.
Áiritheoidh an t-údarás conarthachta freisin go ndréachtófar painéil saineolaithe i modh cothromaithe lena mbainfidh rothlú cuí saineolaithe. Cuirfear bunús geografach, cumais theangeolaíocha agus próifíl ghairmiúil na n-iarratasóirí san áireamh fosta. Agus an prionsabal maidir leis na saineolaithe is cáilithí a roghnú á choimeád, déanfaidh an t-údarás conarthachta iarracht cothromaíocht idir fhir agus mhná a bhaint amach.

6. **Úsáid an liosta a chuirfear le chéile mar thoradh ar an bhfógra seo:**
Bainfear úsáid as an liosta ón bhfógra seo go heisiach le haghaidh tascanna atá le tabhairt chun críche laistigh de na réimsí a bhfuil cur síos orthu i bpointe 7, lena mbainfidh tairseach uasta 130 000 EUR (uasmhéid in aghaidh an tsaineolaí le haghaidh thréimhse iomlán an ghlao ar léirithe spéise. Ní bhaineann an riail seo ach le híocaíochtaí arna ndéanamh de bhun foirmeacha ordaithe arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht) le haghaidh íocaíochtaí san iomlán (lena n-áireofar luacha saothair agus aisíocaíochtaí).

7. **Cur síos iomlán ar na réimsí a chlúdaítear ag an nglao ar léirithe spéise:**
Tá an glao reatha ar léirithe spéise á sheoladh ag an údarás conarthachta chun liosta saineolaithe a bhunú d'fhonn cuidiú le feidhmiú na dtascanna a leanas:
a) Tograí arna bhfáil mar fhreagra ar ghlaonna ar thograí a mheasúnú:
i. tograí a mheasúnú;
ii. tacú le grúpa saineolaithe agus cúnamh a thabhairt dóibh cáilíocht mar shaineolaí cinn a áirithiú.
b) Tionscadail a mheasúnú agus a mhonatóiriú:
i. tuarascálacha tionscadail a mheasúnú;
ii. táirgí agus torthaí tionscadail a mheasúnú;
iii. monatóireacht ar thionscadail agus cuairteanna ar an láithreán;
iv. tasc ar bith eile a bhaineann le hanailís nó le monatóireacht ar chláir agus ar thionscadail nó leis an dá rud.
c) Staidéir shainiúla agus anailísí a bhaineann le réimsí gníomhaíochta.

d) Doiciméid sna teangacha riachtanacha a aistriú nó a chur in eagar.
e) Tacaíocht don Ghníomhaireacht i rith imeachtaí poiblí.
f) Tasc ar bith eile a bhaineann leis na cláir atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht.
D'fhéadfadh saineolas seachtrach a bheith ag teastáil ón údarás conarthachta le haghaidh na dtascanna a bhfuil cur síos orthu thuas sna fearainn saineolais a leanas:
1. Erasmus +:
1.1. oideachas d'aosaigh;
1.2. ardoideachas;
1.3. gairmoideachas agus gairmoiliúint;
1.4. oideachas scoile;
1.5. TFC le haghaidh foghlama;
1.6. oiliúint agus foghlaim teanga, ilteangachas;
1.7. torthaí agus cleachtadh a scaipeadh;
1.8. torthaí a shaothrú;
1.9. tacaíocht d'athchóiriú beartais;
1.10. Gníomhaíochtaí Jean Monnet;
1.11. óige;
1.12. spórt.
2. An Eoraip do shaoránaigh:
2.1. stair an XXú céad;
2.2. socheolaíocht, luachanna agus saoránacht;
2.3. geilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíocht;
2.4. eolaíocht pholaitiúil;
2.5. gnéithe eiticiúla agus sochaíocha.
3. An Eoraip Chruthaitheach:
3.1. Na meáin:
3.1.1. tacaíocht maidir le forbairt scannán;
3.1.2. tacaíocht maidir le forbairt físchluichí;
3.1.3. tacaíocht maidir le cláreagrú teilifíse;
3.1.4. tacaíocht maidir le rochtain ar mhargadh;
3.1.5. tacaíocht d'fhéilte;
3.1.6. forbairt acmhainní/tacaíocht oiliúna;
3.1.7. tacaíocht maidir le scaipeadh amharclannach;
3.1.8. tacaíocht maidir le dáileadh ar líne;
3.1.9. tacaíocht do threoirthionscadail;
3.1.10. tacaíocht maidir le litearthacht scannán.
3.2. Cultúr:
3.2.1. tionscadail chomhair;
3.2.2. aistriúchán liteartha;
3.2.3. líonraí;
3.2.4. ardáin;
3.2.5. tacaíocht do threoirthionscadail.
4. Saorálaithe cúnaimh AE.

8. **Láthair an tseachadta:**

De réir mar atá riachtanach, is féidir tascanna a thabhairt chun críche ag áitreabh an údaráis chonarthachta, ag áitreabh ar bith eile ina reáchtálfar imeacht arna eagrú ag an údarás conarthachta, nó go cianda, trí úsáid uirlisí cumarsáide leictreonacha.

9. **Dáta éaga an liosta a bheidh mar thoradh ar an nglao seo ar léiriú spéise:**
Tá an liosta atá ann de thoradh an fhógra seo bailí ar feadh thréimhse na gclár atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht, .i. go dtí an 31.12.2020.
Is féidir le páirtithe ar suim leo an scéal iarratas a chur isteach ag am ar bith roimh na 3 mhí dheireanacha de chuid thréimhse bhailíochta an liosta.

10. **Critéir eisiaimh:**
Déanfar iarrthóirí a eisiamh ó pháirt a ghlacadh sa ghlao seo sna himthosca seo a leanas:
(a) tá siad féimheach nó tá foirceannadh á dhéanamh orthu, tá a ngnóthaí á riaradh ag na cúirteanna nó tá socrú déanta acu le creidiúnaithe, chuir siad gníomhaíochtaí gnó ar fionraí, tá siad ina n-ábhar imeachtaí a bhaineann leis na cúrsaí sin, nó tá siad i gcor dlúthchosúil ag éirí as nós imeachta comhchosúil faoi reachtaíocht nó rialacháin náisiúnta;
(b) ciontaíodh iad nó daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu ina leith i gcion maidir lena n-iompar gairmiúil i mbreithiúnas ó údarás inniúil de Bhallstát lena mbaineann fórsa 'res judicata';
(c) bhí siad ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach arna chruthú trí mhodh ar bith ar féidir leis an údarás conarthachta é a fhírinniú lena n-áirítear cinntí ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(d) níl oibleagáidí á gcomhlíonadh acu maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialaí nó cánacha a íoc de réir fhorálacha dlí na tíre ina bhfuil siad bunaithe nó thír an údaráis chonarthachta nó na tíre ina gcuirfear an conradh i gcrích;
(e) bhí siad, nó daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu ina leith, ina n-ábhar breithiúnais a bhfuil fórsa 'res judicata' ag baint leis maidir le calaois, caimiléireacht, baint le heagraíocht choiriúil, sciúradh airgid nó gníomhaíocht mhídhleathach eile atá díobhálach do leasanna airgeadais an Aontais;

(f) bhí siad faoi réir pionós riaracháin as a bheith ciontach i mífhaisnéis a thabhairt ó thaobh na faisnéise a theastaíonn ón údarás conarthachta mar choinníoll rannpháirtíochta sa nós imeachta soláthair, nó toisc nár sholáthair siad an fhaisnéis sin, nó toisc gur dearbhaíodh gur sháraigh siad go tromchúiseach a n-oibleagáid faoi chonradh a bhí clúdaithe ag an mbuiséad;
(g) tá coinbhleacht leasa ar bith acu maidir leis an gconradh; d'fhéadfadh coinbhleacht leasa tarlú go háirithe mar thoradh ar leasanna eacnamaíocha, gaolmhaireacht pholaitiúil nó náisiúnta, naisc teaghlaigh nó mhothúchánacha, nó nasc nó comhleas ábhartha ar bith eile.
Sula síneofar conradh soláthróidh saineolaithe dearbhú ar a bhfocal lena bhfuil sé luaite nach bhfuil siad i gceann amháin de na cásanna eisiaimh atá liostaithe thuas. I gcás amhrais, tharlódh go n-iarrfar orthu fianaise tacaíochta neamh-eisiamh a chur ar fáil.

11. **Critéir roghnúcháin:**
Roghnófar saineolaithe ar bhonn a gcumais ghairmiúil agus theicniúil na tascanna ar a bhfuil cur síos sa ghlao seo a fheidhmiú de réir na gcritéar a leanas:
— 4 bliana taithí ar a laghad san fhearann saineolais atá clúdaithe ag an tasc sainiúil,
— cumas obair a dhéanamh i mBéarla nó i bhFraincis nó i nGearmáinis nó i níos mó ná ceann amháin de na teangacha sin (leibhéal B2 ar a laghad i gcás na chéad teanga agus B1 ar a laghad le haghaidh na dteangacha eile) (tíopeolaíocht curriculum vitae de chineál Europass: http://europass.cedefop.europa.eu/en/documents/european-skills-passport/language-passport/templates-instructions).

Déanfar measúnú ar an taithí agus ar na cumais thuas go léir arna n-iarraidh bunaithe ar an bhfaisnéis ar gá d'iarratasóirí í a chur ar fáil ina curriculum vitae ar líne atá mar chuid dá n-iarratas.
Is réamhchoinníoll é an cumas uirlisí TF a úsáid d'fhonn a bheith roghnaithe mar shaineolaí seachtrach.

12. **Coinníollacha maidir le luach saothair agus aisíocaíochtaí na saineolaithe:**
Ní mór do na saineolaithe roghnaithe conarthaí a shíniú, .i. daoine nádúrtha. Ní ghlacfar le sonrasc ó chomhlachtaí dlí atá príobháideach nó poiblí.
12.1. Táillí:
Gheobhaidh an saineolaí a roghnófar na méideanna a leanas le haghaidh a s(h)eirbhísí a sholáthrófar i gcreatlach an ghlao seo ar léirithe spéise:
http://eacea.ec.europa.eu/about/call_experts/documents/experts-fees.xlsx
Meastar lá oibre mar 1 lá oibre ón saineolaí a roghnófar, nuair a chomhlíontar an dlí agus na rialacháin sa tír ina bhfeidhmeofar na seirbhísí leis an tréimhse oibre normálta le haghaidh 1 lá. Ní íocfar as uaireanta oibre thar an tréimhse oibre laethúil normálta. Clúdófar costais tuarastail leis na rátaí thuas chomh maith le costais uile eile amhail costais slándála sóisialaí, costais riaracháin agus forchostais.
12.2. Costais taistil agus lóistín a aisíoc:
Más riachtanach é le haghaidh na tascanna a fheidhmiú agus ar an gcoinníoll go bhfuil sé réamh-mheasta sa chonradh, gheobhaidh an saineolaí a roghnófar aisíocaíocht as a chostais taistil agus lóistín de réir na rialacha agus na rátaí a fheidhmíonn an Coimisiún Eorpach faoi mar atá léirithe san fhoirm ordaithe dréachta agus ar bhonn na mbundoiciméad tacaíochta (m.sh. sonraisc). I gcás áirithintí ar líne, tá asphrionta na háirithinte leictreonaí riachtanach. Ní foláir nó go dtaispeánfar grád an taistil a úsáideadh, am an taistil agus an méid a íocadh leis na doiciméid a sholáthrófar.

13. **Faisnéis eile:**
13.1. Téarmaí agus coinníollacha ginearálta is infheidhme leis an nglao ar léirithe spéise:
Éireoidh na doiciméid uile a chuirfidh saineolaithe isteach ina maoin de chuid an údaráis chonarthachta agus measfar iad mar dhoiciméid rúnda. Ní dhéanfaidh an t-údarás conarthachta caiteachas maidir le hiarratais a ullmhú agus a chur isteach a aisíoc.
Fanfaidh na cearta maidir leis na seirbhísí a chuirfear i gcrích laistigh den chonradh agus iad siúd a bhaineann lena macasamhlú agus lena bhfoilsiú ina maoin de chuid an Aontais Eorpaigh.
Ní féidir aon doiciméad atá bunaithe, i bpáirt nó ina iomláine, ar an obair a chuirfear i gcrích faoin gconradh, a aistriú nó a fhoilsiú ach le cead ón údarás conarthachta.
Tabharfar le tuiscint má chuirtear iarratas isteach mar fhreagra ar an nglao reatha ar léiriú spéise go nglacann an saineolaí leis na forálacha agus na coinníollacha go léir atá forordaithe sa ghlao reatha ar léirithe spéise, agus leis na téarmaí uile atá sa dréachtchonradh. Déanfaidh na saineolaithe a dtéarmaí gnó féin a tharscaoileadh.
13.2. Sonraí pearsanta a phróiseáil:
Más ea go mbaineann próiseáil freagraí ar an nglao reatha ar léirithe spéise le taifeadadh agus próiseáil sonraí pearsanta (amhail: ainm, seoladh agus CV), próiseálfar na sonraí sin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca leis an bpróiseáil a dhéanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail ar shonraí pearsanta agus ar shaorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Mura léirítear a mhalairt, tá freagraí i leith an fhógra seo agus sonraí pearsanta ar bith arna n-iarraidh riachtanach chun na críocha atá léirithe thuas i bpointe 5 agus próiseálfaidh an t-údarás conarthachta atá léirithe i bpointe 2, agus atá ag feidhmiú mar rialaitheoir sonraí freisin, iad chun na críocha sin amháin.
Cuirtear in iúl d'iarratasóirí gur féidir sonraí pearsanta a aistriú chuig teagmhais mhaoirseoireachta na Gníomhaireachta (.i. an Coimisiún Eorpach, Cúirt na nIniúchóirí, an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF),

srl) agus chuig na húdaráis bhreithiúnacha (i. cúirteanna an AE, an tOmbudsman Eorpach, srl) d'fhonn leasa airgeadais an Aontais a chosaint.
D'fhéadfadh Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin sonraí pearsanta (ainm, céadainm más duine nádúrtha atá i gceist, seoladh, foirm dhlíthiúil, uimhir chlárúcháin agus ainm agus céadainm na ndaoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíocha, cinnteoireachta nó rialaithe acu, más duine dlítheanach iad) a chlárú sa chóras réamhrabhaidh (EWS) amháin nó san EWS agus sa bhunachar sonraí eisiaimh láir (CED) má tá iarratasóirí in aon cheann de na staideanna atá luaite sa mhéid a leanas:
— Cinneadh 2008/969 ón gCoimisiún an 16.12.2008 maidir leis an gcóras réamhrabhaidh (le haghaidh faisnéis bhreise a fheiceáil féach an ráiteas rúndachta ar http://ec.europa.eu/budget/contracts_grants/info_contracts/legal_entities/legal_entities_en.cfm),
nó
— Rialachán 2008/1302 ón gCoimisiún an 17.12.2008 maidir leis an gcóras réamhrabhaidh (le haghaidh faisnéis bhreise a fheiceáil féach an ráiteas príobháideachta ar http://ec.europa.eu/budget/explained/management/protecting/protect_en.cfm#BDCE).
De réir mar atá mionsonraithe sa ráiteas príobháideachta thuas luaite, tá ceart rochtana agus ceartúcháin ag páirtí ar bith a luaitear sa bhunachar sonraí i dtaobh na sonraí a bhaineann leis, ach iarraidh ar Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh.
13.3. Coimhlint leasanna:
D'fhonn neamhspleáchas saineolaithe a áirithiú maidir leis na tascanna atá sannta dóibh a fheidhmiú, beidh orthu dearbhú a shíniú ag deimhniú nach bhfuil coinbhleacht leasa ar bith ann idir na gníomhaíochtaí, na tograí, na tuarascálacha, na comhaid, na táirgí ná idir na torthaí atá sannta dóibh agus gníomhaíochtaí dá gcuid atá thart, ar siúl nó a bheidh ar siúl.
Ina theannta sin, ní féidir baint phearsanta a bheith ag saineolaithe leis na gníomhaíochtaí, tograí nó tionscadail lena mbaineann na tascanna a shannfar dóibh. Is ar an gcúis sin a bheidh ar shaineolaithe a roghnófar an fhaisnéis sin a chur ar fáil sula dtabharfar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh in obair roghnúcháin nó measúnaithe ar bith.
13.4. Cód iompraíochta:
Déanfaidh an saineolaí an conradh a fheidhmiú ar na caighdeáin ghairmiúla is airde. Beidh freagracht ag an saineolaí amháin maidir le gach oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh atá de dhualgas orthu, go háirithe iad siúd a eascraíonn ó dhlí fostaíochta, dlí cánach agus reachtaíocht shóisialta.
Ní mór don saineolaí a chur in iúl do thríú páirtithe nach mbaineann siad leis an státseirbhís Eorpach (nach catagóir foirne iad ós rud é go bhfeidhmíonn siad faoi réir ag conradh seirbhíse seachas faoi réir ag conradh fostaíochta), ní chuirtear tascanna tarmligthe, cleamhnú nó sainordú ar bith faoina chúram, agus bíonn tascanna á bhfeidhmiú aige thar ceann an Aontais Eorpaigh.
13.5. Rúndacht:
Maidir le gach tasc a fheidhmíonn siad, ní mór do na saineolaithe a roghnófar iompar eiticiúil cuí a léiriú agus ní mór dóibh cloí le rúndacht na faisnéise agus na ndoiciméad a mbeidh rochtain acu orthu.
Chun na críche sin déanfar clásail shainiúla a iniamh sa chonradh. Cuirfear ceangaltas ar an saineolaí leis an gcomhaontú rúndachta sin gan an fhaisnéis a bheidh á fáil nó á táirgeadh ag an saineolaí maidir le feidhmiú an taisc/na dtascanna le tríú duine ar bith, seachas foireann an Choimisiúin Eorpaigh lena mbaineann.
13.6. Follasacht ex post:
Foilseofar sonraí maidir leis na conraitheoirí go léir a thug conradh chun críche arbh fhiú breis agus 15 000 EUR sa bhliain, arna dhámhachtain i ndiaidh nós imeachta atá leagtha amach i bpointe 5, ar láithreán Gréasáin an údaráis chonarthachta tráth nach déanaí ná 30 Meitheamh na bliana i ndiaidh dhámhachtain an chonartha.

San áireamh leis na sonraí seo tá ainm, dúiche (seoladh le haghaidh daoine dlítheanacha agus an réigiún bunáite le haghaidh daoine nádúrtha), méid, agus ábhar an chonartha. Le haghaidh daoine nádúrtha, bainfear an fhaisnéis 2 bhliain i ndiaidh na bliana ina ndámhtar an conradh.

14. **Dáta seolta an fhógra seo:**
3.9.2013.

15. **Dáta faighte ag Oifig na bhFoilseachán:**
3.9.2013.